Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2021
(OR. en, fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0224(COD)**

6692/21
ADD 5

CODEC 306
RECH 83
COMPET 147
IND 48
MI 131
EDUC 69
TELECOM 86
ENER 61
ENV 117
REGIO 32
AGRI 107
TRANS 110
SAN 103
CADREFIN 111
IA 30

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (an chéad léamh)<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón bhFrainc**

Is díol sásaimh don Fhrainc a uaillmhéine atá clár nua um thaighde agus nuálaíocht an Aontais, Fís Eorpach, agus tacaíonn sí le glacadh an Rialacháin lena mbunaítear an clár.

Bíodh sin mar atá, athdhearbhaímid ár gcúis imní i ndáil leis an tagairt, in aithris 6, do 'phrionsabal na nuálaíochta'.

Cé go n-aithnítear dúinn nach mór an tionchar a bhíonn ag dlí an Aontais ar an nuálaíocht a mheas, i gcomhréir le Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr, is mian linn a chur i dtreis nach bhfuil aon sainmhíniú dlíthiúil ar 'phrionsabal na nuálaíochta', ní hionann agus prionsabal an réamhchúraim, a aithnítear sna conarthaí (Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) agus sa chásdlí (féach, go háirithe, breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Mór-Dhlísheomra) an 9 Márta 2010 i gCásanna Uamtha C-379/08 agus C-380/08, *ERG et al.*, agus an 1 Deireadh Fómhair 2019 i gCás C-616/17, *Mathieu Blaise et al.).*